

Cén t-am é?

Tarraing an clog i ngach cás:

- A dó a chlog ar maidin.
- A cúig a chlog um thráthnóna.
- Leathuair tar éis a seacht.
- Fiche chun a sé.
- Deich tar éis a trí.
- Ceathrú chun a naoi.
- Meán lae *nó* meán oíche.

Amhrán traidisiúnta

Tá an coileach ag fógairt an lae

Tá an coileach ag fógairt an lae

Tá an mhuc ag an doras ag iarraidh é 'oscailt

'S tá an coileach ag fógairt on lae.

Foghlaim an véarsa agus tarraing pictiúr deas!

ÉADAÍ

Dhá ghrúpa sa rang.

Tosaíonn grúpa amháin le: *Chuir Mamaí stocaí teolaí uirthi.*
Cuireann an dara grúpa leis an liosta: *Chuir Mamaí stocaí teolaí agus buataisí dearga uirthi.*

Chuir Mamaí ... (mar shampla: *hata beag, scaif ghorm fhada* ...)

BUANN AN GRÚPA A SMAOINÍONN AR AN LIOSTA IOMLÁN.

Cóipcheart © Cló Uí Bhriain 2002. www.obrien.ie